

Polasaí IMRAM in Éadan Ciaptha, Gnéaschiaptha agus Maistíneachta

(Baineann an polasaí seo le hiompar pearsanta aon duine atá ag feidhmiú do IMRAM mar bhall cuideachta, boird, coiste nó mar fhostaí nó conraitheoir, agus le haon ráiteas a dhéanann siad in ainm IMRAM.)

Is cuí meas a léiriú do chách – scríbhneoirí san áireamh, agus ba chóir gach duine a spreagadh agus tacú leo. Is mór ag IMRAM an comhionannas, an ilghnéitheacht agus an cuimsiú sóisialta; agus níl glacadh ar bith aige le ciapadh ná mí-úsáid de chineál ar bith. Tá IMRAM glan in aghaidh ciapadh, imeaglú, comhéigean nó idirdhealú, bíodh sé sin bunaithe ar chine, aois, inscne, féiniúlacht agus léiriú inscne, gnéaschlaonadh, bunadh náisiúnta, cé dar díobh duine, míchumas, riocht leighis, reiligiún, aicme shóisialta, méid na colainne, stádas páirtneireachta pósta/baile, saoránacht, nó aon fhéiniúlacht imeallaithe eile.

Cad is ciapadh ann?

Is éard is ciapadh ann ná aird nó iompraíocht de chineál ar bith i leith duine, ar aird nó iompraíocht í nach dteastaíonn ón duine sin nó atá ag cur isteach ar an duine sin. D'fhéadfadh sé gur tríd an bhfocal labhartha a dhéanfaí ciapadh, nó d'fhéadfadh iompar neamhlabhartha nó fisiciúil eile a bheith i gceist leis, agus gurb í an chúis nó an éifeacht atá leis ná go bhfágfar duine ar a míchompord nó go mbaintear dá ndínit. D'fhéadfadh sé gurb éard a bheadh i gceist leis sin ná timpeallacht a chruthú do dhuine ar leith nó do ghrúpa daoine, ar timpeallacht í atá bagrach, doicheallach, náireach, uirislitheach nó maslach. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an iompar neamh-inmhianaithe: gníomhartha oscailte nó faoi choim; comhrá doicheallach; eisiámh d'aon ghnó; focail nó gothaí atá dírithe ar dhuine ar leith; nó focail, pictiúir nó ábhar eile atá beartaithe mar chiapadh nó imeaglú a thaispeáint go poiblí. Samplaí de sin is ea na nithe seo a leanas: rudaí dímheasúla a rá nó a scríobh; duine a mhaslú le caint; bagairtí nó gothaí imeaglaithe; teagmháil fhisiciúil ar nós duine a bhrú, nó sonc a thabhairt do dhuine; nó cúl droma a thabhairt do dhuine ag an obair, ar scoil nó in áit phoiblí eile. D'fhéadfadh daoine a bhíonn i mbun ciaptha an iompraíocht sin a bhunú ar stádas teaghlaigh nó pósta duine eile, ar ghnéaschlaonadh, ar chreideamh reiligiúnach nó easpa creidimh, ar mhíchumais, ar inscne, ar dhath an chraicinn, ar náisiúntacht agus/nó ar bhunadh eitneach nó náisiúnta.

Cad is gnéaschiapadh agus ionsaí gnéasach ann?

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le gnéaschiapadh: rudaí a rá nó a scríobh atá doicheallach, téisiúil nó bagrach; aon chineál iompraíochta atá fóbartach amhail imeaglú, stalcaireacht, grianghraf a thógáil nó taifeadadh a dhéanamh nuair nach dteastaíonn sé sin ó dhuine, nó é sin a dhéanamh faoi choim; teagmháil fhisiciúil mhíchuí agus/nó gan iarraidh; nó aon aird nó caidéis ghnéasach neamh-inmhianaithe a fhágann an duine eile ar a míchompord nó faoi bhagairt. D'fhéadfadh sé gur aon ócáid aonair amháin a bheadh i gceist le gnéaschiapadh, nó d'fhéadfadh sé a bheith ina chuid de phatrún nó d'iompraíocht leanúnach.

Is éard is ionsaí gnéasach ann ná gníomh nó gníomhartha d'aon ghnó trína ndéanann duine amháin nó níos mó tadhall le duine eile gan a gcead chuige sin a fháil, nó trína ndéanann duine amháin nó níos mó iallach a chur ar dhuine eile a bheith páirteach i ngníomh gnéis in aghaidh a dtola.

Cad is maistíneacht ann?

Is éard is maistíneacht ann ná iompraíocht shóisialta mhíchúí a dhéanann duine amháin nó níos mó – go díreach nó go hindíreach – in aghaidh daoine eile, bíodh sé sin ag an obair nó in áit phoiblí nó phríobháideach eile. D'fhéadfadh ionsaithe ó bhéal nó ionsaithe fisiciúla a bheith i gceist leis atá ceaptha an bonn a bhaint ó chumas duine a gcuid oibre a dhéanamh, idirghníomhú le daoine eile, nó am a chaitheamh i dtimpeallachtaí éagsúla amhail áiteanna oibre, scoileanna nó áiteanna poiblí nó príobháideacha eile. Le gur féidir a rá gur maistíneacht atá ann, ní foláir gur cionta a dhéantar arís agus arís eile a bheadh i gceist seachas rud a tharlaíonn aon uair amháin (agus a bhféadfadh sé go ndearnadh gan chuimhneamh é).

Polasaí IMRAM in éadan ciaptha, gnéaschiaptha agus maistíneachta - Príomhphointí

Tá cur chuige gairmiúil ag IMRAM agus, dá réir sin, bítear ag súil le leibhéal áirithe iompair ó bhaill foirne, ó bhaill an bhoird agus ó oibrithe deonacha IMRAM, aontú lenár gCód Iompair agus staonadh de shíor ó aon cheann de na cineálacha iompraíochta seo a leanas:

- imeaglú d'aon ghnó, stalcaireacht, nó a bheith ag leanúint duine;
- teagmháil fhisiciúil mhíchúí le duine eile;
- aird ghnéasach nach bhfuil inmhianaithe;
- rudaí maslacha faoi dhuine a rá nó a scríobh;
- daoine eile a dhíspeagadh trína n-eisiamh. Is iompraíocht é sin atá deacair le sainaithint, go háirithe ag ócáidí sóisialta gairmiúla. Dhá shampla de sin is ea ainmneacha daoine a bhaint de liosta ríomhphoist atá cruthaithe cheana féin do ghrúpa, nó faisnéis ghairmiúil a choinneáil siar d'aon ghnó;
- idirghníomhú díreach nó iompraíocht a chuireann duine eile ar a míchompord;
- teagmháil neamh-inmhianaithe ar na meáin shóisialta (is é sin, stalcaireacht fhíorúil ar dhuine eile) a bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist léi: íomhánna míchúí a sheoladh, a thaispeáint nó a phostáil go poiblí;
- ciapadh *quid pro quo*, ar nós nuair a dhéanadh duine a bhfuil ról údarásach acu a iarraidh ar dhuine eile gníomh gnéis a bheith acu leo nó a bheith páirteach i gcaidreamh gnéis leo mar mhalairt ar chomaoin ghairmiúil a thabhairt, deis dul chun cinn a thairiscint nó gar eile de chineál éigin a dhéanamh. Bheadh ciapadh ag duine i ról comhúdaráis i gceist leis sin freisin. Sampla ar leith den chiapadh ag duine i ról comhúdaráis is ea duine aitheantais nó chomhghleacaí a déarfadh go dtabharfaidís litir mholta le haghaidh poist nó le haghaidh forbairt ghairmiúil eile ar son dul i mbun gníomh gnéis leo.

Níl na nithe seo a leanas i gceist le ciapadh: easaontú ómósach i dtaobh ceisteanna nó topaicí, nó critic réasúnach a dhéantar de mheon macánta. Tá againn fáilte a chur roimh phlé agus cur i láthair ar smaointe conspóideacha, roimh shaorchead cainte agus roimh léiriú liteartha cruthaitheach – nó ar a laghad ar bith, tá againn cur suas leo. Iarrimid ar bhaill foirne agus ar bhaill Bhoird IMRAM a bheith dáiríre faoin dearcadh atá ag daoine eile aon uair a thagann easaontas chun cinn, ach ag an am céanna déanamh de réir ár bPolasaí in Éadan Ciaptha/Gnéaschiaptha agus Maistíneachta agus a chéile a ghairm chun cuntasachta i leith an Pholasaí sin.

Beartas neamhdhíoltais

Ag leanúint as an mbeartas in aghaidh ciapadh atá ag IMRAM, cuirtear toirmeasc freisin ar aon bheart díoltais a dhéanamh in aghaidh duine a thuairiscíonn cásanna de chiapadh, imeaglú, idirdhealú nó maistíneacht, nó in aghaidh duine a ghlacann páirt in imscrúdú a bhaineann le gearán den sórt sin.

Pionóis fhéideartha

Meastar gur mí-iompar é ciapadh ar bith. Sa chás go gcuirfí i leith ball foirne nó baill Bhoird IMRAM go raibh lámh acu i gciapadh, maistíneacht, imeaglú, stalcaireacht, comhéigean nó mí-úsáid in aghaidh duine eile, d'fhéadfadh go nglacfaidh IMRAM gníomh smachtaithe. Roimh ghníomh smachtaithe ar bith, seans go ndéanfaidh IMRAM imscrúdú nó fiosrúchán, d'fhéadfadh cruinniú bailithe eolais a bheith ann mar atá réasúnta i ngach cúinse. Má shíltear go bhfuil mí-iompar i gceist, beidh an comhlacht ábalta an duine sin a chur ar fionraí láithreach chun machnamh a dhéanamh ar an líomhain agus í a fhiosrú, agus cinneadh a dhéanamh ar an ghníomh agus ar an nós imeachta a bheadh cuí. Seans go bhfaighidh an ball foirne íocaíocht i rith fionraí den chineál seo ag brath ar thromchúis na heachtra. I gcás cuí ina bhfuil mí-iompar tromchúiseach, d'fhéadfadh gníomh smachtaithe a bheith ann dá bharr, dífhostú san áireamh. D'fhéadfadh rabhadh i scríbhinn a bheith ann i gcás eachtraí nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna.

Rúndacht

Déanfaidh IMRAM gach beart réasúnach chun tacú le gach aon pháirtí a bhíonn i dteagmháil linn ar an ábhar seo, agus rúndacht na bpáirtithe sin á cosaint aige. Léireoidh IMRAM discréd agus meas i leith chlu agus cháil na bpáirtithe go léir a bhíonn i gceist.

An ndearnadh thú a chiapadh nó ar ionsaíodh tú?

Seo roinnt eolais faoi sheirbhísí tacaíochta:

Seirbhísí Tacaíochta Éigeandála agus Cabhairlínte

Rape Crisis Help: tacaíocht agus comhairleoireacht, i bpearsa, ar an teileafón agus ar líne. Má theastaíonn uait teagmháil a dhéanamh le seirbhís áitiúil le haghaidh faisnéise agus tacaíochta, is féidir leat glaoch ar an gCabhairlíne lá agus oíche ag **1-800-778888**

Foinsí faisnéise eile:

[Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas](#). Glao áitiúil [1890 245 545](#).

Leathanach gréasáin ag 'Faisnéis do Shaoránaigh' dar teideal [Ciapadh ag an obair](#).

Is féidir leat gnéaschiapadh a thuairisciú trí: [An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#).

Tá comhairle ar fáil ó [Free Legal Advice Centres \(FLAC\)](#). Glao áitiúil [1890 350 250](#)

Rape Crisis NI: www.rapecrisisni.org.uk

[Feidhmeannas Thuaisceart Éireann um Shláinte agus Sábháilteacht](#) – eolas ar mhaistíneacht agus ciapadh san áit oibre

[An Biúró um Chomhairle do Shaoránaigh](#) – eolas ar mhaistíneacht agus ciapadh san áit oibre

An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS)

<https://www.nhs.uk/live-well/sexual-health/help-after-rape-and-sexual-assault/>

Le haghaidh faisnéise agus cúnamh i ndiaidh éignithe nó ionsaí gnéasach.

BBC Action Line

<https://www.bbc.co.uk/programmes/articles/22VVM5LPrf3pjYdKqctmMXn/information-and-support-sexual-abuse-and-violence>

Áit a bhfuil naisc chuig tacaíocht agus cabhairlínthe do dhuine ar bith sa Ríocht Aontaithe a ndearnadh ionsaí gnéis nó mí-úsáid ghnéis orthu.

GOV.UK

<https://www.gov.uk/workplace-bullying-and-harassment>

Suíomh gréasáin oifigiúil ina bhfuil faisnéis agus beolínthe chun maistíneacht nó ciapadh ag an áit oibre a thuairisciú.